



An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2027

Céim 1: Foirm Iarratais ar Léiriú Spéise (EOI)

Seimineár Gréasáin Eolais d'Iarratasóirí
an 28 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

Cláraigh anseo



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Clár an Ábhair

LEATHANACH

Eolas faoin gCéim Léirithe Spéise	1
1. Sonraí faoin larratasóir	2
2. Achoimre ar an Tionscadal	2
3. Roghnú Téamaí	2
4. Riachtanas nó Deis Oidhreachta	3
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide	4
6. Rannpháirtíocht an Phobail	6
7. Leas an Phobail	8
8. Aschur, Torthaí agus Leagáid	9
9. Dea-Chleachtas Oidhreachta	11
10. Buiséad agus Acmhainní	14
11. Ceadanna, Úinéireacht agus Toiliú	16
12. Dearbhú	17
Sula Seolann tú d'larratas ar Aghaidh	17

Eolas faoin gCéim Léirithe Spéise

Is é céim an Léirithe Spéise (EOI) an chéad chéim i bpróiseas iarratais na Scéime Deontais Oidhreachta Pobail.

Teastaíonn uainn an méid a leanas a thuiscint ag an gcéim seo:

- do smaoineamh do thionscadal;
- an oidhreacht a bhaineann;
- an fáth go dteastaíonn an tionscadal;
- cé a bhainfidh tairbhe as;
- conas a thagann sé le ceann de théamaí na scéime;
- an bhfuil nó nach bhfuil sé oiriúnach lena chur ar aghaidh go Céim 2.

Ní gá duit an méid a leanas a chur ar fáile:

- buiséid mhionsonraithe;
- luachana;
- ceadanna;
- tuairiscí teicniúla; nó
- modheolaíochtaí mionsonraithe.

Déanfar athbhreithniú ar Léirithe Spéise lena dheimhniú an sásaíonn siad riachtanais na scéime agus an bhfuil siad oiriúnach lena gcur ar aghaidh go dtí Céim 2.

Ní thabharfar cuireadh ach d'iarratasóirí a sásaíonn a dtograí riachtanais Chéim 1 chun iarratas lomlán Chéim 2 a sheoladh.

Cad a tharlaíonn ag Céim 2?

Iarrfar ar iarratasóirí a dtugtar cuireadh dóibh eolas níos mionsonraithe a thabhairt, pleanáil tionscadail, buiséid, amlínte, ceadanna (nuair is gá) agus cáipéisíocht tacaíochta san áireamh.

Déanfar iarratais Chéim 2 a mheas ar bhonn iomaíoch agus scórálfar iad in aghaidh na gcritéar measúnaithe a foilsíodh.

Sula dTosaíonn Tú

Sula líonann tú an fhoirm Léirithe Spéise, léigh Cáipéis Treorach na Scéime Deontais Oidhreachta Pobail go cúramachy.

Mínítear sa Cháipéis Treorach:

- Cuspóirí na scéime;
- Tionscadail incháilithe agus neamh-incháilithe;
- Téamaí na Scéime;
- Riachtanais rannpháirtíocht an phobail agus leas an phobail;
- Rudaí atá le cur san áireamh maidir le gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide; agus
- Eolas a theastaíonn ag Céim 2.

1. Sonraí faoin Iarratasóir

Sonraí faoin Eagraíocht

- Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta
- Ainm an Teagmhálaí
- Ról an Teagmhálaí
- Seoladh Ríomhphoist
- Uimhir Ghutháin

Sonraí faoin Tionscadal

- Teideal an Tionscadail (20 focal ar a mhéid)

2. Achoimre ar an Tionscadal

Inis dúinn faoi do thionscadal (100 focal ar a mhéid)

Déan cur síos gearr ar:

- an oidhreacht a bhaineann;
- an méid a bheartaíonn tú a dhéanamh;
- cé a bhainfidh tairbhe as; agus
- an difríocht is mó a dhéanfaidh an tionscadal.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Bíodh sé simplí agus soiléir.
- Díriú ar an oidhreacht a bhaineann agus an fáth go bhfuil sé tábhachtach.
- Mínigh príomhthairbhe an tionscadail.
- Seachain sonraí teicniúla ag an gcéim seo.

Freagra samplach

“Déanfaidh an tionscadal seo stair ár muilinn áitiúil a thaifeadadh agus a dhoiciméadú trí stair bhéil, grianghrafadóireacht agus taighde cartlainne. Oibreoidh oibrithe deonacha ón bpobal i gcomhar le staraithe áitiúla chun scéalta a bhailiú agus a roinnt. Cruthóidh an tionscadal cartlann dhigiteach agus taispeántas poiblí, rud a chuideoidh le hoidhreacht thábhachtach áitiúil a chaomhnú agus le teacht an phobail uirthi a fheabhsú.”

3. Roghnú Téama (Ticbhosca)

Roghnaigh an téama is fearr a dhéanann cur síos ar na rudaí is mó a ndíríonn do thionscadal orthu.

- Oidhreacht i mBaol
- Athchóiriú Bithéagsúlachta agus Dúlra
- Scileanna Traidisiúnta agus Caomhnú
- Oidhreacht, Rochtain agus Scéalaíocht Dhigiteach
- Éagsúlacht, Cothroime agus Ionchuimsiú

Cén fáth gurb é seo an téama is fearr do do thionscadal? (200 focal ar a mhé id)

Tabhair míniú gearr ar conas a thagann do thionscadal leis an téama a roghnaigh tú.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Roghnaigh an téama is fearr a thaispeánann príomhchuspóir do thionscadail.
- Díriú ar an riachtanas oidhreachta, seachas díreach ar an ngníomhaíocht.
- Úsáid an teanga ón treoir maidir le téamaí, nuair is oiriúnach.
- Má bhaineann do thionscadal le breis agus téama amháin, mínigh an fáth gur é an téama a roghnaigh tú an ceann is oiriúnaí.

Freagra samplach

“ Tá an tionscadal seo ag teacht leis an téama Oidhreachta, Rochtain agus Scéalaíocht dhigiteach mar go ndéanfaidh sé á bhfuil tá bhacht á itíú il leo a dhigitiú agus cartlann ar líne a chruthú a bheidh a mbeidh teacht ag an bpobal uirthi.” Feabhsóidh an tionscadal teacht ar acmhainní oidhreachta agus, ag an am céanna, beidh oibrithe deonacha ón bpobal páirteach i ndoiciméadú agus i léirmhíniú an bhailiúcháin in.”

4. Riachtanas nó Deis Oidhreachta

Cén fáth an dteastaíonn an tionscadal seo?(200 focal ar a mhé id)

Inis Dúinn:

- cén cheist, baol nó deis oidhreachta a dtéann do thionscadal i ngleic leis?;
- cén fáth a bhfuil sé tábhachtach?;
- cén fáth a dteastaíonn gníomh anois?; agus
- cad a d'fhéadfadh tarlú mura ndéantar aon ghníomh?

Tá fianaise á lorg againn ar riachtanas nó deis fhíor oidhreachta.

Íomhánna Tacaíochta

Má bhaineann na rudaí a leanas le do thionscadal:

- Foirgneamh
- Áit
- Séadchomhartha
- Réad Oidhreachta
- Bailiúchán is gá a chaomhnú

uaslódáil a mhéid le cúig ghrianghraf chun cabhrú linn an riachtanas oidhreachta agus an tionscadal a bheartaítear a thuiscint.

Cuir an méid a leanas san áireamh:

- Grianghraf 1: Íomhá ghinearálta den tsócmhainn, réad nó bailiúchán.
- Grianghraif 2-5: Íomhánna ina dtaispeántar an bhail, an cheist, an baol nó an riachtanas caomhnaithe a rachaidh do thionscadal i ngleic leis:

Roghnaigh grianghraif a thaispeánann go soiléir an tsócmhainn, réad nó bailiúchán oidhreachta agus an cheist nó an riachtanas a lorgaíonn tú dul i ngleic leis.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Díriú ar an riachtanas oidhreachta, seachas díreach ar an smaoineamh don tionscadal.
- Cuir íomhánna soiléire atá lipéadaithe go maith ar fáil chun cabhrú linn do thogra tionscadail a thuiscint níos fearr.
- Mínigh an fáth go bhfuil an cheist tábhachtach do do phobal.
- Inis dúinn an fáth go dteastaíonn gníomh anois.
- Bí sonrach agus cuir comhthéacs áitiúil ar fáil, nuair is féidir.
- Mínigh cad a d'fhéadfadh tarlú mura ndéantar aon ghníomh.

Smaoinigh ar an méid a leanas:

- An bhfuil foirgneamh, gnáthóg, bailiúchán, scil nó traidisiún i mbaol?
- An bhfuil eolas tábhachtach ar iarraidh nó an é nach bhfuil sé ar fáil?
- An bhfuil bearnaí in eolas, scileanna nó rannpháirtíocht?
- An bhfuil deis ann rochtain, caomhnú nó ionchuimsiú a fheabhsú?
- Cén fáth gurb é seo an t-am ceart le gníomhú?

Freagra samplach

“ Tá gná thó ga tá bhachtacha d ’é in, do phailneoirí agus do phlandaí dú chasacha le fá il iná r mbogach á itiú il, ach is beag eolas atá ar fá il faoi lá thair faoina bhithé agsú lucht. Gan eolas bonnlí ne, bí onn sé deacair tosaí ochtaí caomhnaithe a aithint nó monató ireacht a dhé anamh ar athruithe le himeacht ama. Bunó idh an tionscadal seo clá r suirbhé ar bhithé agsú lucht faoi stiú ir an phobail, lena gcruthó far taifead ar na gná thó ga agus na speicis atá ann, agus ag an am cé anna cabhró far le daoine á itiú la scileanna taifeadta é iceolaí ochta a fhorbairt. Tacó idh an t-eolas a bhaileofar le gní omhaí ochtaí caomhnaithe amach anseo agus neartó idh sé cú ram agus freagracht an phobail as an suí omh.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear go soiléir an cheist
- Mínítear an fáth go dteastaíonn an tionscadal
- Taispeántar an fáth a dteastaíonn gníomh anois
- Taispeántar go dtéann sé chun leasa an phobail
- Nasctar gníomhaíochtaí le torthaí fadtéarmacha

5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Sula bhFreagraíonn tú

Spreagaimid go mór thú [An treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide d'Iarratasóirí ar Dheontas Oidhreachta Pobail](#) a léamh sula líonann tú an mhír seo.

Mínítear sa treoir:

- conas is féidir le hathrú aeráide difear a dhéanamh don oidhreacht;
- conas is féidir le tionscadail oidhreachta cur le gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide;
- conas tionchar comhshaoil do thionscadail a laghdú; agus
- conas tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe a sheachaint.

Féach an treoir nuair atá d'fhreagra á ullmhú agat.

Ní gá duit a bheith i do shaineolaí aeráide. Tá an treoir ceaptha cabhrú le grúpaí pobail machnamh a dhéanamh ar cheistanna aeráide ar bhealach praiticiúil agus comhréireach.

Conas a cuireadh gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide san áireamh i do thionscadal? (200 focal ar a mhéid)

Meastar go gcuirfidh gach tionscadal a fhaigheann maoiniú tríd an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide san áireamh ar bhealach atá oiriúnach dá mhéid agus dá chineál.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Féach [An Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide](#) nuair atá d'fhreagra á ullmhú agat.
- Ba cheart do gach tionscadal an cheist seo a fhreagairt.
- Bíodh d'fhreagra comhréireach le méid agus saghas an tionscadail.
- Is fearr freagra gearr ionraic ná freagra áibhéalach.
- Smaoinigh ar an méid a leanas:
 - an oidhreacht a chuireann an aeráid i mbaol;
 - conas is féidir le do thionscadal cur le gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide;
 - conas a dhéanfaidh tú tionchar comhshaoil an tionscadail féin a íoslaghdú.
- Smaoinigh ar thairbhí aeráide agus bithéagsúlachta, nuair is cuí.
- Mínigh conas a d'imir cúrsaí aeráide tionchar ar dhearadh do thionscadail.
- Má d'fhéadfadh tionchar a bheith ag do thionscadal ar bithéagsúlacht, gnáthóga, uisce, creatlach stairiúil nó ar shócmhainní oidhreachta, mínigh conas a sheachnóidh tú tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe.

Freagra samplach

Tionscadal Foirgnimh Stairiú il

“Tá ní os mó uisce bá istí ag dul isteach san fhoirgneamh le linn tré imhsí ina mbí onn bá isteach throm ann. Dé anfaidh an tionscadal measú nú ar dheisiú chá in oiriú nacha trí ú sá id a bhaint as á bhair thraidisiú nta a ligeann don fhoirgneamh aná lú agus feabhsó idh sé bainistíocht uisce bá istí. Trí creatlach stairiú il an fhoirgnimh a dheisiú agus a chaomhnú, cuirfear le saolré an fhoirgnimh agus seachnó far na tionchair chomhshaoil a bhaineann lena athsholáthar. Nuair is féidir, coinneofar na hábhair atá ann cheana agus athú sá idfear iad, agus ú sá idfear á bhair a fhaightear go háitiúil le haghaidh na ndeisiúchá n.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear baol aeráide
- Mínítear conas a fhreagraíonn an tionscadal
- Aithnítear na tairbhí aeráide a bhaineann le deisiú agus athúsáid
- Cuirtear tionchar comhshaoil an tionscadail san áireamh
- Cuirtear dea-chleachtas caomhnaithe aitheanta san áireamh

Freagra samplach

Tionscadal Oidhreachta Digití

“Dé anfaidh an tionscadal taifid stairiú la atá i mbaol meatha de bharr lá imhseá la agus dá laí comhshaoil a dhigitiú agus a chataló gú. Trí acmhainn dhigiteach a chruthú, feabhsó far an rochtain fhadté armach agus laghdó far an gá na buná bhair a lá imhseá il. Bainfear ú sá id as an trealamh atá ann cheana nuair is oiriú nach sin, agus coinneofar na riachtanais stó rá la digití i gcomhré ir le riachtanais an tionscadail.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Cuirtear teacht aniar fadtéarmach san áireamh
- Aithnítear tionchair chomhshaoil tionscadal digiteach
- Taispeántar smaoineamh comhréireach
- Nasctar cúrsaí aeráide le torthaí tionscadail

Freagra samplach

Tionscadal Bithé agsú lachta

“Dé anfaidh an tionscadal ina bhfuil talamh fé araigh ina bhfuil saibhreas speiceas a athchó iriú agus feabhsó idh sé nascacht na ngná thó g don fhiadhú Ira. Cuidí onn talamh fé araigh fhollá in le tacú leis an mbithé agsú lacht agus le teacht aniar na n-é iceachó ras a fheabhsú. Bainfear ú sá id as foinsí sí olta dú chasacha atá oiriú nach don ghná thó g agus bainisteofar na gná thó ga trí mhodhanna ar bheagá n tionchair. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé bonn eolais faoi bhainistí ocht caomhnaithe amach anseo.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Taispeántar tairbhí bithéagsúlachta
- Tacaítear le teacht aniar aeráide
- Úsáidtear cuir chuige oiriúnacha éiceolaíochta
- Déantar breithniú ar mhaoirseacht fhadtéarmach

Na Rudaí a Theastaíonn Uainn

- conas a imríonn an aeráid tionchar ar an oidhreacht a bhaineann;
- conas a chuireann do thionscadal le gníomhú ar son na haeráide, teacht aniar aeráide nó le bithéagsúlacht;
- conas a chuir tú tionchar comhshaoil an tionscadail féin san áireamh;
- conas a bhunaigh tú dearadh do thionscadail ar chúrsaí aeráide;
- cibé acu an gcuireann an tionscadal le teacht aniar fadtéarmach na hoidhreacht, an dúlra nó pobal.

6. Rannpháirtíocht an Phobail

Cad atá i gceist againn le Rannpháirtíocht an Phobail?

Tagraíonn rannpháirtíocht an phobail do rannpháirtíocht ghníomhach daoine, grúpaí nó pobal i bpleanáil, soláthar, roinnt nó i maoirseacht na hoidhreachta. D'fhéadfadh oibrithe deonacha, eagraíochtaí pobail, grúpaí áitiúla, scoileanna, grúpaí óige, grúpaí daoine scothaosta, pobail mhionlaigh agus pobail nach mbíonn dóthain ionadaíochta acu, agus baill den phobal a bheith san áireamh anseo.

Ba cheart do thionscadail rannpháirtíocht bhríoch a léiriú atá oiriúnach do scála agus do chineál an tionscadail.

Déan cur síos ar an gcaoi a mbeidh pobail rannpháirteach sa tionscadal, cé a bheidh bainteach agus an ról a bheidh acu. (200 focal ar a mhéid)

Inis Dúinn:

- cé a bheidh páirteach sa tionscadal;
- conas a ghlacfaidh siad páirt;
- an ról a bheidh ag oibrithe deonacha, baill den phobal nó eagraíochtaí comhpháirtíochta;
- conas a chuirfidh daoine le rath an tionscadail;
- conas a bheidh rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus inrochtana.

Tacaíonn an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail le tionscadail a mbíonn daoine rannpháirteach go ghníomhach iontu chun aire a thabhairt don oidhreachta, í a roinnt, a thaifeadadh, a chaomhnú agus a thuiscint.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Mínigh go soiléir cé a bheidh páirteach.
- Mínigh cad go díreach a bheidh ar siúl ag rannpháirtithe, seachas freastal.
- Déan cur síos ar rannpháirtíocht ghníomhach seachas ar rannpháirtíocht éighníomhach.
- Inis dúinn conas a chabhróidh pobail áitiúla leis an tionscadal a mhúnlú nó a chur i gcrích.
- Smaoinigh ar inrochtaineacht agus ionchuimsiú. An bhfuil bacainní ann is féidir leat a bhaint chun rannpháirtíocht a spreagadh?
- Má dhíríonn do thionscadal ar phobal ar leith, mínigh conas a bheidh an pobal sin páirteach sa chinnteoireacht agus i gcur i gcrích an tionscadail.

Freagra samplach

Tionscadal Bithé agsú Iachta Pobail

“Glacfaidh oibrithe deonacha áitiúla páirt i dtaifeadadh na bithé agsú Iachta, i suirbhéanna ar ghnáthóga agus i ngníomhaíochtaí praiticiúla caomhnaithe. Gheobhaidh rannpháirtithe oiliúint ó éiceolaí agus cabhróidh siad le heolas a bhailiú chun tacú le bainistíocht gnáthóga amach anseo. Áireofar sa tionscadal ceardlann phobail agus siúlóid threoraithe

ar bhithé agsú lucht le linn Sheachtain Ná isiú nta na hOidhreachta freisin. Beidh ró l gní omhach ag oibrithe deonacha i gcaitheamh an tionscadail, ag cabhrú le sonraí a bhailiú , torthaí a roinnt agus cú ram agus freagracht an phobail as an suí omh á itiú il a chur chun cinn.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear go soiléir cé a bheidh páirteach
- Mínítear conas a ghlacfaidh daoine páirt
- Cuirtear forbairt scileanna san áireamh
- Léirítear rannpháirtíocht ghníomhach
- Taispeántar gné rannpháirtíochta pobail

Freagra samplach

Tionscadal Staire Bé il agus Oidhreachta

"Cabhró idh baill an phobail le daoine a roghnú le haghaidh agallaimh, cuirfidh siad grianghraif ar fá il agus glacfaidh siad pá irt i gceardlanna taifeadta staire bé il. Cabhró idh oibrithe deonacha le hagallaimh, tras-scrí obh agus taighde a dhé anamh. Beidh rannphá irtithe pá irteach freisin i mú nlú na dté amaí a scrú dó far sa tionscadal agus i ndearadh an taispeá ntais deiridh agus na hacmhainne digití. Cinnteoidh an cur chuige comhoibrí och seo go bhfanfaidh eolas á itiú il i gcroí lá r an tionscadail."

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Tá ról bríoch ag baill den phobal
- Tá níos mó ná freastal i gceist le rannpháirtíocht
- Cuirtear comhdhearadh agus cinnteoireacht roinnte san áireamh
- Forbraítear scileanna agus cumas áitiúil

7. Leas an Phobail

Cad atá i gCeist againn le Leas an Phobail?

Tagraíonn leas an phobail don tionchar dearfach a bheidh ag tionscadal ar dhaoine, ar phobail agus ar an oidhreacht lasmuigh den fhoireann tionscadail láithreach.

Is féidir a áireamh le Leas an Phobail:

- Teacht níos mó ag an bpobal ar an oidhreacht
- Tuisint agus meas níos fearr ar an oidhreacht
- Forbairt scileanna agus deiseanna foghlama
- caomhnú, cosaint nó maoirseacht níos fearr ar an oidhreacht
- Rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail san oidhreacht

Conas a bhainfidh an pobal i gcoitinne tairbhe as? (200 focal ar a mhéid)

Inis Dúinn:

- cé a bhainfidh tairbhe as an tionscadal;
- conas a úsáidfídh, a thiocfaidh daoine ar aschur an tionscadail nó a bhainfidh siad

taitneamh as an tionscadal;

- cén gníomhaíocht, imeachtaí nó acmhainní i measc an phobail a chruthófar?;
- conas a leanfaidh na tairbhí á mbaint tar éis an tionscadail.

Meastar go soláthróidh gach tionscadal a fhaigheann maoiniú tairbhe poiblí agus go mbeidh ann gníomhaíocht rannpháirtíocht an phobail amháin ar a laghad le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta 2027.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Smaoinigh níos faide ná na daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis an tionscadal.
- Mínigh conas a bhainfidh an pobal níos leithne tairbhe as.
- Inis dúinn conas a roinnfear torthaí an tionscadail.
- Cuir na tairbhí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon san áireamh.
- Smaoinigh ar an gcaoi a neartóidh an tionscadal eolas, scileanna, rannpháirtíocht an phobail agus cúram, tuiscint nó meas ar an oidhreacht le himeacht ama.
- Déan cur síos ar aon imeachtaí poiblí, taispeántais, cainteanna, ceardlanna, acmhainní ar líne nó foilseacháin.
- Má tá acmhainn dhigiteach á cruthú agat, mínigh conas a bheidh teacht ag daoine uirthi.
- Má tá oidhreacht á caomhnú, mínigh conas a rachaidh an obair chaomhnaithe chun tairbhe an phobail i gcoitinne.

Freagra samplach

Tionscadal Oidhreachta Digití

"Cruthóidh an tionscadal cartlann ar líne a bheidh inrochtana don phobal, ina mbeidh grianghraif dhigitithe, stair bhéil agus doiciméid stairiúla. Beidh baill an phobail, taighdeoirí, scoileanna agus cuairteoirí in ann teacht ar an mbailiúcháin saor in aisce. Roinnfear torthaí an tionscadail freisin trí thaispeántas poiblí agus imeacht de chuid na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta. Fanfaidh an chartlann dhigiteach ar fáil ar áiríocht suíomh gréasáin in tar éis don tionscadal críochnú, rud a chinnteoidh teacht fadtéarmach ar an oidhreacht áitiúil."

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear go soiléir cé a bhainfidh tairbhe
- Mínítear conas a thiocfaidh daoine ar an acmhainn
- Cuirtear gné rannpháirtíochta pobail san áireamh ann
- Taispeántar luach fadtéarmach poiblí

Freagra samplach

Tionscadal Caomhnaithe Scileanna Traidisiúnta agus Caomhnaithe

"Déanfaidh an tionscadal balla teorann stairiúil cloiche a chaomhnú, balla atá mar chuid de shuíomh oidhreachta pobail a mbaintear úsáid fhorleathan as. Tabharfaidh ceardlanna praiticiúla deis do dhaoine áitiúla scileanna traidisiúnta caomhnaithe a fhoghlaim, agus léireofar an obair do lucht féachana ní os leithne trí lá taispeántais oscailte le linn na

Seachtaine Ná isiú nta Oidhreacht. Caomhnó idh an balla deisithe gné thá bhachtach oidhreacht agus feabhsó idh sé cuma agus riocht an tsuí mh do chuairteoirí amach anseo.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Léirítear tairbhe shoiléir oidhreacht
- Cuirtear rannpháirtíocht an phobail san áireamh
- Taispeántar conas a roinnfear foghlaim
- Aithnítear tairbhí fadtéarmacha

8. Aschur, Torthaí agus Leagáid

Cad atá i gceist againn le hAschur, Torthaí agus Leagáid?

Aschur: is iad seo na táirgí inbhraite nó na gníomhaíochtaí a sholáthraítear tríd an tionscadal.

Torthaí: is iad seo na hathruithe, tairbhí nó tionchair mar thoradh ar an tionscadal.

Leagáid: ciallaíonn seo tairbhí marthanacha a bhainfear i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích.

Cén difríocht a dhéanfaidh an tionscadal? (250 focal ar a mhé id)

Inis dúinn a sholáthróidh do thionscadal agus cén difríocht a dhéanfaidh sé.

Smaoinigh ar an méid a leanas:

- Aschur: na rudaí a sholáthróidh nó a chuirfidh do thionscadal i gcrích;
- Torthaí: na hathruithe nó na tairbhí a eascróidh as an tionscadal; agus
- Leagáid: ciallaíonn seo tairbhí marthanacha a bhainfear i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích.

Cad í an Difríocht?

Aschur: seo iad na rudaí inbhraite a sholáthraíonn do thionscadal.

Freagraí samplacha:

- Plean caomhantais
- Struchtúr oidhreacht deisithe
- Suirbhé bithéagsúlachta
- Bailiúchán staire béil
- Cartlann dhigiteach
- Sraith ceardlann
- Taispeántas poiblí

Torthaí: is iad seo na tairbhí nó athruithe a chruthaigh an t-aschur sin.

Freagraí samplacha:

- Cosaint níos fearr ar an oidhreacht
- Eolas níos fearr ar an mbithéagsúlacht
- Scileanna nua sa phobal
- Rannpháirtíocht mhéadaithe san oidhreacht

- Teacht níos mó ag an bpobal ar an oidhreacht
- Maoirseacht pobail níos láidre
- Infheictheacht mhéadaithe scéalta a ndéantar tearcionadaíocht dóibh

Leagáid: ciallaíonn seo na tairbhí níos fadtéarmaí is dócha a leanfaidh tar éis na tréimhse atá maoinithe ag an deontas.

Freagraí samplacha:

- Úsáid leanúnach acmhainní, taighde nó ábhar foghlama
- Rannpháirtíocht leanúnach an phobail nó rannpháirtíocht oibrithe deonacha
- Cumas nó saineolas eagraíochta níos mó
- Comhpháirtíochtaí agus líonraí marthanacha
- Teacht níos fearr ar shócmhainní nó bailiúcháin oidhreachta
- Eolas agus scileanna a leantar lena n-úsáid agus a roinnt
- Cosaint, teacht aniar nó bainistíocht inbhuanaithe na hoidhreachta

Na Leideanna is Fearr ☆

- Deighilt shoiléir a dhéanamh idir aschur, torthaí agus leagáid.
- Bí réalaíoch agus sonrach.
- Díriú ar an difríocht a dhéanfaidh an tionscadal.
- Smaoinigh faoi thairbhí don oidhreacht, daoine agus pobail.
- Nuair is féidir, déan cur síos ar thorthaí intomhaiste.
- Cuir na tairbhí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon san áireamh.

Freagra samplach

Tionscadal Caomhnaithe Scileanna Traidisiú nta agus Caomhnaithe

"Dé anfaidh an tionscadal tuairim is 60 mé adar de bhalla stairiú il cloiche a dheisiú agus cuirfidh sé trí cheardlann phraiticiú la oiliú na ar fá il faoi stiú ir ceardaithe a bhfuil taithí acu. Gheobhaidh a mhé id le 20 rannphá irtí taithí phraiticiú il ar theicní cí traidisiú nta tó gá la ballaí . Caomhnó idh an tionscadal gné thá bhachtach oidhreachta, cabhró idh sé le scileanna traidisiú nta a thabhairt ar aghaidh agus mé adó idh sé acmhainn á itiú il chun obair chaomhnaithe a dhé anamh amach anseo."

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear aschur tionscadail go soiléir
- Déan cur síos ar thairbhí don phobal
- Taispeántar torthaí oidhreachta
- Cuirtear forbairt scileanna san áireamh
- Taispeántar luach fadtéarmach

Freagra samplach

Tionscadal Oidhreachta Digití

" Dé anfaidh an tionscadal cataló gú ar 1,200 grianghraf stairiú il, doicimé ad agus taifeadadh, dé anfaidh sé 800 earra a dtugtar tú s á ite dó ibh a dhigitiú agus cruthó idh

sé catalóg inchuadaithe ar lí ne. Cuirfidh cartlannaí ceithre cheardlann oiliú na ar fáil chun tacú le 15 oibrí dheonacha scileanna catalóg gaithe agus digitithe a fhorbairt. Beidh an chartlann atá go hiomlá n catalóg gaithe agus inchuadaithe don phobal trí shuí omh gré asá in Ghrúpa Oidhreacht an Bhaile Mhóir, agus dé anfaidh na hoibrithe deonacha oilte an suí omh a chothabháil agus a nuashonrú.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Tá torthaí soiléire agus intomhaiste ann
- Taispeántar tairbhe don phobal agus teacht ar an oidhreacht
- Léirítear rannpháirtíocht an phobail agus forbairt scileanna
- Léirítear tairbhí buana a leanfaidh ar aghaidh tar éis shaolré an tionscadail

9. Dea-Chleachtas Oidhreacht

Cén saineolas oidhreacht a thacóidh le do thionscadal? (150 focal ar a mhéid)

Ceann de na laigí is coitianta i dtionscadail oidhreacht is ea easpa saineolais oiriúnaigh i réimse na hoidhreacht.

Tacaíonn an Scéim Deontais Oidhreacht Pobail le costais a bhaineann le comhairle ghairmiúil maidir leis an oidhreacht, le hoiliúint agus le hionchur speisialta. I gcásanna go leor, neartóidh an saineolas ceart do thionscadal agus cabhróidh sé lena chinntiú go ndéanfar an obair i gcomhréir le caighdeáin aitheanta oidhreacht, chaomhnaithe, bithéagsúlachta, chartlainne nó taifeadta.

Inis Dúinn:

- cén saineolas oidhreacht a thacóidh le do thionscadal?;
- cé a chuirfidh an saineolas sin ar fáil?;
- cibé acu an bhfuil siad mar chuid de d’eagraíocht nó an speisialtóirí seachtracha iad;
- conas a chabhróidh lena mbaint tionscadal rathúil a sholáthar.

Freagraí samplacha:

- ailtirí caomhantais agus sainchomhairleoirí caomhantais;
- éiceolaithe agus speisialtóirí bithéagsúlachta;
- cartlannaithe agus speisialtóirí bailiúchán;
- staraíthe béil;
- seandálaithe;
- speisialtóirí oidhreacht digití;
- cleachtóirí ceardaíochta traidisiúnta;
- caomhnóirí;
- speisialtóirí inrochtaineachta.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Baineann formhór na dtionscadal tairbhe as cineál éigin saineolais maidir leis an oidhreacht.
- Cabhróidh an deontas leis na costais a bhaineann le sainchomhairle, oiliúint agus seirbhísí gairmiúla oidhreachta a chlúdach.
- Bíonn rannpháirtíocht an phobail agus tacaíocht ghairmiúil oiriúnach fite fuaite ina chéile i dtionscadail oidhreachta mhaithe.
- Smaoinigh ar cé atá in ann cabhrú lena chinntiú go leanann do thionscadal dea-chleachtas aitheanta.
- Má tá saineolas speisialaithe de dhíth, mínigh conas a fheabhsóidh sé caighdeán an tionscadail.
- Má tá an saineolas riachtanach le fáil cheana féin laistigh d'eagraíocht, inis dúinn cé a chuirfidh an saineolas sin ar fáil agus déan cur síos ar a gcáilíochtaí, a gcreidiúnú, a n-oiliúint nó a dtaithí ábhartha.
- Is minic a bhaineann tionscadail a bhaineann le caomhnú, bithéagsúlacht, bailiúcháin, digitiú, stair bhéil nó scileanna traidisiúnta tairbhe as ionchur speisialaithe oiriúnach.

Freagra samplach

Tionscadal Foirgnimh Stairiú il

"Dé anfaidh comhairleoir caomhnaithe atá creidiú naithe i gcaomhnú foirgneamh stairiú il measú nú ar bhail an fhoirgnimh agus cuirfidh sé comhairle maidir le caomhnú ar fá il. Cinnteoidh a shaineolas go mbeidh na moltaí i gcomhré ir le prionsabail aitheanta chaomhnaithe agus go lé ireoidh deisiú chá in amach anseo meas ar charachtar stairiú il agus tá bhacht an fhoirgnimh."

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Úsáidtear saineolas gairmiúil oiriúnach
- Tacaítear le dea-chleachtas caomhnaithe
- Laghdaíonn sé an baol go ndéanfar obair mhí-oiriúnach
- Cabhraíonn sé le torthaí níos fearr don oidhreacht a bhaint amach

Freagra samplach

Tionscadal Oidhreachta Digití

"Dé anfaidh cartlannaí cá ilithe maoirseacht ar an gcataló gú agus tabharfaidh sé comhairle maidir le caighdeá in digitithe, meiteashonraí agus caomhnú digiteach fadté armach. Cinnteoidh an saineolas sin go gcruthó far agus go mbainisteofar taifid dhigiteacha i gcomhré ir le caighdeá in chartlainne aitheanta agus go leanfaidh siad de bheith inrochtana amach anseo."

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Léirítear tuiscint ar dhea-chleachtas
- Úsáideann sé saineolas oiriúnach
- Feabhsaíonn sé inbhuanaitheacht fhadtéarmach
- Tacaíonn sé le rochtain an phobail

Freagra samplach

Saineolas Laistigh den Eagraíocht

“Beidh é iceolaí cá ilithe, a bhfuil taithí aige/aici ar shuirbhé ar ghná thó ga agus ar thaifeadadh bithé agsú lachta, i gceannas ar an tionscadal. Dearfaidh sé /sí modheolaíocht an tsuirbhé, cuirfidh sé oiliúint ar fáil do na hoibrithe deonacha agus déanfaidh sé maoirseacht ar bhailiú na sonraí chun a chinntiú go leanann an tionscadal caighdeán in éiceolaíocht aitheanta. Tá siad ar chonradh páirtaimseartha faoi láthair, agus mé adófar a n-uaireanta oibre chun tabhairt faoin tionscadal seo.”

Tábhachtach: Ní féidir leis an scéim tuarastail reatha na mball foirne atá fostaithe cheana féin ag d’eagraíocht a mhaoiniú. Mar sin féin, féadfar maoiniú a lorg chun uaireanta oibre bailiú foirne páirtaimseartha atá ann cheana a mhéadú nó bailiú foirne nua a fhostú go sonrach chun an tionscadal maoinithe a chur i gcrích. Má tá an saineolas riachtanach le fáil cheana féin laistigh d’eagraíocht, aithin an duine agus mínigh a gcáilíochtaí, a gcreidiúnú, a n-oiliúint nó a dtaithí ábhartha.

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Aithnítear an saineolas atá ann cheana
- Mínítear na cáilíochtaí agus an taithí ábhartha
- Léirítear acmhainn na heagraíochta
- Léirítear conas a bhainfear dea-chleachtas amach

Na Rudaí a Theastaíonn Uainn

- cén saineolas a thacóidh leis an tionscadal;
- cibé acu saineolas inmheánach nó seachtrach atá i gceist;
- an fáth go bhfuil sé oiriúnach don tionscadal;
- conas a chabhróidh sé lena chinntiú go ndéanfar an obair ar ardchaighdeán.

Aithníonn tionscadail láidre cathain a bhíonn saineolas speisialaithe oidhreacht de dhíth agus baineann siad úsáid oiriúnach as an saineolas sin. Tá eolas agus rannpháirtíocht an phobail ríthábhachtach, ach is minic is éifeachtaí iad nuair a chuirtear saineolas gairmiúil oidhreacht agus dea-chleachtas aitheanta leo.

10. Buiséad agus Acmhainní

Cad é costas measta iomlán do thionscadail?

Tabhair an meastachán is fearr atá agat ar chostas iomlán an tionscadail.

Ní gá go mbeadh sé cruinn, agus ní gá buiséad mionsonraithe a chur ar fáil ag an gcéim seo.

- Faoi €2,500
- €2,500 - €5,000
- €5,001 - €10,000
- €10,001 - €25,000
- €25,001 - €50,000
- Níos mó ná €50,000

Déan cur síos gearr ar na príomhacmhainní a theastóidh ó do thionscadal (150 focal ar a mhéid)

Mar shampla:

- saineolas seachtrach oidhreachta;
- oibreacha caomhnaithe;
- suirbhéanna bithéagsúlachta;
- seirbhísí conraitheora;
- digitíú;
- oiliúint agus ceardlanna;
- soláthair foirne a bhaineann go sonrach le tionscadal;
- gníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail.

Má mheastar gur dócha go gcosnóidh do thionscadal níos mó ná €25,000, conas atá sé beartaithe agat íoc as na costais atá fágtha? (100 focal ar a mhéid)

Mar shampla:

- maoiniú deimhnithe ó fhoinsé ainmnithe eile;
- tiomsú airgid;
- acmhainní eagraíochta;
- ranníocaíochtaí comhpháirtithe;
- tá iarratais ar mhaoiniú ainmnithe ar bun.

Ní gá go mbeadh an maoiniú ar fad faighte agat ag an gcéim seo, ach ba cheart duit a léiriú go ndearna tú machnamh ar an gcaoi a gcuirfear an tionscadal iomlán i gcrích.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Ní gá don mheastachán sin a bheith cruinn.
- Smaoinigh ar an gcostas iomlán ar an tionscadal a chur i gcrích, ní hamháin ar an méid deontais atá á lorg.
- Smaoinigh an bhfuil saineolas speisialaithe oidhreachta de dhíth. Is féidir leis an scéim cabhrú le saineolas a mhaoiniú a thacaíonn le dea-chleachtas oidhreachta.
- Bí réalaióch maidir le scála agus castacht an tionscadail.
- Má sháraíonn do thionscadal uasmhéid an deontais faoin scéim, mínigh conas a d'fhéadfaí an t-easnamh maoinithe a chlúdach.
- Ba cheart do thionscadail a dteastaíonn acmhainní breise suntasacha uathu plean inchreidte a léiriú chun an tionscadal a chur i gcrích.

Freagra samplach

“Measaimid go mbeidh costas iomlán an tionscadail thart ar €35,000. Beidh saineolas caomhnaithe, obair ag conraitheoirí speisialaithe agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail de dhíth don tionscadal. Tá sé beartaithe againn €25,000 a lorg ón Scéim Deontais Oidhreachta Pobail agus na costais atá fágtha a mhaoiniú trí mheascán de dheontas €5,000 ón údarás áitiúil atá deimhnithe cheana féin agus €5,000 ónár gcistí féin atá ar fáil.”

Cén rudaí a dhéanann freagra láidir den fhreagra seo?

- Taispeántar pleanáil réalaíoch
- Aithnítear príomhacmhainní an tionscadail
- Léirítear sé tuiscint ar theorainneacha na scéime
- Mínítear conas a chlúdófar costais bhreise
- Táthar muiníneach gur féidir an tionscadal a chur i gcrích

11. Ceadanna, Úinéireacht agus Toiliú

Teastaíonn ceadanna, ceadúnais, toiliú reachtúil nó comhaontú ó úinéirí talún ó roinnt tionscadail oidhreachta sular féidir an obair a chur i gcrích.

Ag an gcéim seo, ba mhaith linn a dheimhniú an dócha go mbeidh aon cheadanna ag teastáil. Ní gá na ceadanna uile a bheith faighte agat sula gcuireann tú do Léiriú Spéise isteach.

An mbaineann do thionscadal le hobair ar Struchtúr faoi Chosaint, nó timpeall air?

Baineann nó Ní bhaineann Má bhaineann déan cur síos gearr.

An mbaineann do thionscadal le hobair ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), Limistéar Oidhreachta Nádurtha beartaithe (pNHA) agus/nó Anaclann Dúlra Náisiúnta (NNR) nó laistigh de chrios tionchair ceann acu?

Baineann nó Ní bhaineann

An mbaineann obair ar Shéadchomhartha Taifeadta, Séadchomhartha Náisiúnta, nó áit atá á chosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta le do thionscadal, nó an ndéanann sé difear dóibh?

Baineann/Déanann nó Ní bhaineann/Ní dhéanann

Cé leis an tsócmhainn oidhreachta, an talamh, an suíomh, an struchtúr, an bailiúchán nó an réad a bhaineann leis an tionscadal?

Mura le d'eagraíocht an tsócmhainn, an talamh, an struchtúr, an bailiúchán nó an réad, an bhfuil cead an úinéara faighte agat?

Tá nó Níl nó Níl go Fóill

Na Leideanna is Fearr ☆

- Smaoinigh ar na ceadanna go luath sa phróiseas, go háirithe i gcás tionscadail chaomhnaithe, bhithéagsúlachta nó tionscadail a bhaineann le suíomhanna.
- Beidh ceadanna de dhíth ar thionscadail a bhaineann le Struchtúir Chosanta, séadchomharthaí, gnáthóga ainmnithe nó maoin tríú páirtí sular féidir an obair a chur i gcrích.
- Mura tusa an t-úinéir, is maith an smaoineamh é an tionscadal a phlé leis an úinéir a luaithe is féidir.

- Beifear ag súil go gcuirfear fianaise ar fáil ar cheadanna, ar thoilithe nó ar thacaíocht ón úinéir ar fáil, nuair is ábhartha, maidir le tionscadail rathúla a dtabharfar cuireadh dóibh dul ar aghaidh chuig Céim 2.

Na Rudaí a Theastaíonn Uainn

- cé leis an tsócmhainn nó suíomh oidhreachta;
- an bhféadfadh ceadanna, ceadúnais nó toilithe a bheith ag teastáil;
- an dtacaíonn an t-úinéir leis an togra (nuair is ábhartha); agus
- an bhfuil aon bhacainní follasacha ar an tionscadal a chur i gcrích.

Ag céim an Léirithe Spéise, nílimid ag súil go mbeidh na ceadanna uile i bhfeidhm. Níl uainn ach a thuiscint an dócha go mbeidh siad ag teastáil agus an bhfuil tús curtha agat ag smaoineamh orthu.

12. Dearbhú

Dearbhaím an méid a leanas trí seo thíos a shíniú:

- Tá mé údaraithe chun an t-iarratas seo a shíniú thar ceann an larratasóra.
- Tá an t-eolas san iarratas seo fíor agus cruinn chomh fada agus is eol dom.
- Tuigim, má tá aon chuid den eolas míthreorach d'aon turas nó go neamhbheartaithe, go ndiúltóidh an Chomhairle Oidhreachta an t-iarratas agus go gcuirfidh siad stop leis an measúnú.
- Glacaim leis go ndícháileofar an t-iarratas seo má dhéanann aon duine stocaireacht ar an gComhairle Oidhreachta chun go nglacfaí leis.
- Tuigim go bhfuil an Chomhairle Oidhreachta faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena dtugtar an ceart do bhail an phobail rochtain a fháil, a mhéid is féidir, ar eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí, ar bhealach atá comhsheasmhach le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachais.
- Tuigim go ndéanfar aon fhaisnéis phearsanta a chuireann an t-iarratasóir ar fáil a phróiseáil, a stóráil agus a bhainistiú i gcomhréir dhocht leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.
- Aontaím leis na dearbhuithe thuas.

Sula Seolann tú d'Iarratas ar Aghaidh

Botúin Choitianta atá le Seachaint

- ✗ Gan an riachtanas ná an deis oidhreachta a dtabharfaidh an tionscadal aghaidh orthu a mhíniú go soiléir.
- ✗ Díriú ar ghníomhaíochtaí seachas a mhíniú cén fáth a bhfuil an tionscadal de dhíth agus cén difríocht a dhéanfaidh sé.
- ✗ Gan mórán sonraí a thabhairt faoi rannpháirtíocht an phobail ná faoi cé a bheidh páirteach.
- ✗ Gan tairbhe phoiblí shoiléir a léiriú a eascróidh as an tionscadal.
- ✗ Gan míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an tionscadal ag teacht leis an téama roghnaithe don scéim.

- ✗ Gan an saineolas, na scileanna ná an tacaíocht oidhreachta a theastaíonn chun an tionscadal a chur i gcrích a aithint.
- ✗ Gan ceadanna, úinéireacht ná toilithe a chur san áireamh nuair a d'fhéadfaidís a bheith ag teastáil.
- ✗ An t-eolas céanna a athrá i míreanna éagsúla seachas aghaidh a thabhairt go díreach ar gach ceist.

Na Leideanna is Fearr ☆

- Bíodh d'fhreagraí **soiléir agus gonta**.

Dírigh ar

- an fáth go dteastaíonn an tionscadal,
- an méid atá i gceist agat a dhéanamh,
- cé a bhainfidh tairbhe as; agus
- an difríocht a dhéanfaidh an tionscadal.
- Ní gá pleananna, luachana ná cáipéisí tacaíochta mionsonraithe a chur ar fáil ag céim an Léirithe Spéise.

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Tel: +353 56 777 0 777 | **Email:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council